**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/564 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Feabhra 2024**

**maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 agus Rialachán (AE) 2015/1189**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le táirge ar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm ina leith agus ar foilsíodh a uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór do na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann an táirge sin ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7764 final ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le cur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ([4]) agus Rialachán (AE) 2015/1189 ([5]). Go háirithe, d'iarr an Coimisiún ar CEN an caighdeán EN 303-5:2012 a ghlacadh chun éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí truailleán coirí breosla sholadaigh a chinneadh, agus chun a raon feidhme a leathnú go coirí breosla sholadaigh le haschur teasa idir 500 kW agus 1 000 kW, agus go coirí breosla sholadaigh a chumhachtaítear le bithmhais neamhadhmadach. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar CEN na caighdeáin EN 303-5:2012 agus EN 13203-5:2015 a ghlacadh, nó aon chaighdeán ábhartha eile, chun éifeachtúlacht téite uisce comhchoirí breosla sholadaigh a chinneadh.

(3) Ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7764 final, thug CEN a chuid oibre i gcrích maidir leis an gcaighdeán comhchuibhithe EN 303-5:2012 a oiriúnú chun éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí truailleán coirí breosla sholadaigh a chinneadh. Comhlíonann an caighdeán comhchuibhithe sin na ceanglais is aidhm dó a chumhdach.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([3]) Cinneadh Cur chun Feidhme ón gCoimisiún an 30.11.2016 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig Eagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ón gCoimisiún agus a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh coirí breosla sholadaigh chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1189 ón gCoimisiún (C(2016) 7764 final).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2015 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le lipéadú fuinnimh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí (IO L 193, 21.7.2015, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/1187/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1189 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2015 lena bhforlíontar Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh coirí breosla sholadaigh (IO L 193, 21.7.2015, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1189/oj).

(4) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh uimhir thagartha an chaighdeáin EN 303-5:2021 oiriúnach lena foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun toimhde comhréireachta leis na ceanglais sin a cheadú a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 agus Rialachán (AE) 2015/1189, i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE.

(5) Tharraing CEN an caighdeán EN 303-5:2021 siar sular foilsíodh a uimhir thagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus chuir sé EN 303-5:2021+A1:2022 ina ionad tar éis dhul in éag na tréimhse ama a leagtar síos le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7764 final chun go nglacfaidh CEN leis an iarraidh.

(6) Leasú A1:2022 ar an gcaighdeán EN 303-5:2021, níl aon éifeacht aige ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 agus Rialachán (AE) 2015/1189.

(7) Foilsíodh uimhir thagartha an chaighdeáin EN 303-5:2021+A1:2022 i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún [6] chun comhréireacht le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [7] a thoimhdiú, i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, uimhir thagartha an chaighdeáin EN 303-5:2021+A1:2022 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun comhréireacht le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 agus Rialachán (AE) 2015/1189 a thoimhdiú, i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE.

(9) Le Teachtaireacht 2017/C 076/01 ón gCoimisiún [8] maidir le cur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ón gCoimisiún, tagraítear don chaighdeán Eorpach EN 303-5:2012 agus do roinnt caighdeán Eorpach eile chun rochtain ar mhodhanna tomhais agus ríomha a cheadú sula bhfoilsítear tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é gur tarraingíodh siar an caighdeán sin agus go bhfuil na modhanna sin imithe i léig dá bhrí sin, níl Teachtaireacht 2017/C 076/01 ábhartha a thuilleadh.

(10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí, caighdeáin arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear na tagairtí sin leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh coirí breosla sholadaigh, caighdeáin arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1189, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear na tagairtí sin leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 2.8.2023, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1586/oj).

[7] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

[8] Teachtaireacht 2017/C 076/01 ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le lipéadú fuinnimh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí (IO C 76, 10.3.2017, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1187**

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 1. | EN 303-5:2021+A1:2022<br>Coirí téimh – Cuid 5: Coirí téimh le haghaidh breoslaí soladacha, arna stocáil de láimh agus go huathoibríoch, aschur teasa ainmniúil suas le 500 kW - Téarmaíocht, riachtanais, tástáil agus marcáil |

*IARSCRÍBHINN II*

**Caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1189**

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| 1. | EN 303-5:2021+A1:2022<br>Coirí téimh – Cuid 5: Coirí téimh le haghaidh breoslaí soladacha, arna stocáil de láimh agus go huathoibríoch, aschur teasa ainmniúil suas le 500 kW - Téarmaíocht, riachtanais, tástáil agus marcáil |